Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12208/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0254(NLE)**

**UD 174**
**COEST 638**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 428 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 428 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 428 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2022
COM(2022) 428 final

2022/0254 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-CTC ('an Comhchoiste') a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[1]' ('an Coinbhinsiún') i ndáil le Cinneadh a bhfuil sé beartaithe a ghlacadh lena leasófar roinnt Iarscríbhinní in Aguisín III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach

Is éard is aidhm don Choinbhinsiún gluaiseacht earraí a éascú idir an tAontas Eorpach agus tíortha is Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Tugadh i gcrích é an 20 Bealtaine 1987 idir an Comhphobal Eorpach agus Tíortha CSTE ar dtús agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Bunaítear leis an gCoinbhinsiún bearta lena n-éascaítear gluaiseacht earraí idir an tAontas Eorpach, Poblacht na hÍoslainne, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise, Poblacht Türkiye, Poblacht na Seirbia agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún atá san Aontas Eorpach.

Tíortha ar Páirtithe Conarthacha iad sa Choinbhinsiún ach nach comhaltaí den Aontas iad, tagraítear dóibh sa Choinbhinsiún mar thíortha comhchoiteanna idirthurais ('CTC').

### 2.2. Comhchoiste AE-CTC

Is é an cúram atá ar an gComhchoiste AE-CTC an Coinbhinsiún a riar agus cur chun feidhme cuí an Choinbhinsiúin a áirithiú. Glacann an Coiste leasuithe a dhéantar ar fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin, agus is trí bhíthin cinntí a dhéanann sé sin.

Na cinntí a dhéanann an Comhchoiste, déanann na Páirtithe Conarthacha iad a ghlacadh de chomhaontú frithpháirteach.

### 2.3. An Cinneadh atá beartaithe ag Coiste AE-CTC

Ag seisiún atá le teacht nó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, tá Comhchoiste AE-CTC le dréachtchinneadh Uimh. 3/2022 ón gComhchoiste AE-CTC maidir leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a ghlacadh.

Is é is cuspóir don dréachtchinneadh aontachas na hÚcráine leis an gCoinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach a chur san áireamh. Baineann sé le tagairtí teanga nua a thabhairt isteach maidir leis an tír sin, agus ainm na hÚcráine a chur le liosta na dtíortha atá sna doiciméid ráthaíochta faoi seach. Tá gá leis sin chun an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach idir na Páirtithe Conarthacha a chur chun feidhme.

Beidh an Cinneadh ón gComhchoiste lena leasaítear an Coinbhinsiún ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chinneadh sin, lena bhforáiltear

[1] IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

‘Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ón dáta a ndéanfar páirtí conarthach sa Choinbhinsiún den Úcráin’.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Choinbhinsiún, is iad na Páirtithe Conarthacha a chuireann cinneadh den chineál seo i bhfeidhm i gcomhréir lena gcuid reachtaíochta féin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Baineann an seasamh atá beartaithe le leasú a dhéanamh ar roinnt iarscríbhinní i bhFoscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, d’fhonn na doiciméid ráthaíochta a oiriúnú agus téarmaí teicniúla áirithe a chur isteach san Úcráinis le haghaidh aontachas na hÚcráine leis an gCoinbhinsiún. Is de chineál teicniúil é raon feidhme na leasuithe sin.

Is é an aidhm atá ann a áirithiú go nglacfaidh Comhchoiste AE-CTC na hathruithe teicniúla uile ar an gCoinbhinsiún chun an nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach idir an Úcráin agus Páirtithe Conarthacha eile a chur chun feidhme.

Ba cheart tairbhí suntasacha nithiúla a bheith ann do thrádálaithe agus do riaracháin chustaim mar thoradh air sin trí fhoirmiúlachtaí idirthurais a shimpliú agus trí ghluaiseacht earraí a éascú, rud atá i gcomhréir le tacaíocht an Choimisiúin don Úcráin.

Tá an cinneadh atá beartaithe comhsheasmhach le beartais an Aontais Eorpaigh i réimsí na trádála agus an iompair.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe’.

Ordaíonn Airteagal 15(3)(a) den Choinbhinsiún don Chomhchoiste AE-CTC leasuithe ar Fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin a leasú trí bhíthin cinnidh.

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá sa Chomhchoiste comhlacht arna bhunú le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún.

Is éard atá sa Chinneadh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeacht dlí aige. Beidh an Cinneadh sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 20 den Choinbhinsiún.

Ní fhorlíontar creat institiúideach an Choinbhinsiúin leis an gCinneadh ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Is é Airteagal 207 CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0254 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[2] ('an Coinbhinsiún'), is amhlaidh a tugadh i gcrích é idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise an 20 Bealtaine 1987, agus is ar an 1 Eanáir 1988 a tháinig sé i bhfeidhm.

(2) De bhun Airteagal 15(3)(a) den Choinbhinsiún, is féidir le Comhchoiste AE-CTC maidir leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, ar comhchoiste é a socraíodh faoin gCoinbhinsiún sin ('an Comhchoiste'), is féidir leis leasuithe ar Fhoscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a ghlacadh, agus is trí bhíthin cinntí a dhéanann sé sin.

(3) Chuir an Úcráin in iúl gur mian léi aontú don Choinbhinsiún agus iarrfar uirthi é sin a dhéanamh.

(4) Le haontachas na hÚcráine, beidh gá leis na doiciméid ráthaíochta faoi seach a oiriúnú agus téarmaí teicniúla áirithe a chur isteach i dteanga na hÚcráine.

(5) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é go mbeidh an cinneadh chun an Coinbhinsiún a leasú ina cheangal ar an Aontas.

(6) Chuir Ballstáit uile an Aontais a dtuairim dhearfach in iúl a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe sa Mheitheal AE-CTC maidir leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

(7) Ós rud é go leasóidh Cinneadh an Chomhchoiste an Coinbhinsiún, is iomchuí é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2 IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ag seisiún atá le teacht nó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach i dtaca le leasuithe ar Fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin, is seasamh é a bheidh bunaithe ar an dréachtchinneadh den Chomhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaí an Aontais sa Chomhchoiste mionathruithe ar an dréacht Chinneadh a aontú gan Cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ón gComhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*